

# Cosán

## Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Márta 2016

*“Teachers need an outlet to showcase what they have achieved. Schools are good at celebrating the successes of their students, but are still reticent about applauding the successes of teachers … Let us see a celebration of what we have achieved. Let it feel prestigious and let it hold value. Let us find ways to link up research projects across the country and expand the dialogue … Creative professional development deserves to be acknowledged and applauded.”*[1]

***Owen, 2014***

1 Owen, L. (2014). “Continuing Professional Development: can it ever be creative?” In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eds.). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality.* London: RSA Action and Research Centr. p. 62.

# Réamhrá

Baineann an mhúinteoireacht leis an teagasc, ach baineann sí leis an bhfoghlaim freisin.

Tá a fhios ag múinteoirí nach dtarlaíonn an teagasc go dtí go bhfoghlaimímid.

Mar dhaoine gairmiúla, tuigeann múinteoirí freisin go mbraitheann cleachtadh gairmiúil marthanach ar a gcuid foghlama gairmiúla féin. Is é saintréith ghairm na múinteoireachta go leanann a baill ar aghaidh ag foghlaim ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag teagasc.

Mar an comhlacht reachtúil caighdeán gairmiúla don mhúinteoireacht, tá údarás oifigiúil aici ó thaobh an dlí de an ghairm a chur chun cinn agus a rialáil. Sa chomhthéacs seo, ó bunaíodh í in 2006, tá an Chomhairle tar éis a bheith ag tógáil creatlaí caighdeán do gach céim d'fhoghlaim múinteoirí, oideachas tosaigh múinteoirí agus ionduchtú (*Droichead*) san áireamh. Cuireadh na caighdeáin seo le chéile le hathdhearbhú a thabhairt don ghairm agus don phobal i gcoitinne go bhfuil foghlaim múinteoirí ar ardchaighdeán agus in ann a bheith curtha in oiriúint agus in ann freagairt do riachtanais foghlama leanaí, daoine óga agus foghlaimeoirí aosaigh atá ag forbairt i gcónaí.

Is é *Cosán*, an chreatlach náisiúnta nua um fhoghlaim múinteoirí, an chéad chéim eile san fhorbairt seo de chaighdeáin ghairmiúla.

Agus *Cosán* roghnaithe mar an teideal den chéad chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag tabhairt le fios gur próiseas leanúnach é foghlaim múinteoirí. Tá a fhios ag múinteoirí gur gá dóibh leanúint ar aghaidh agus foghlaim mar ghairmithe ionas gur féidir leo scoláirí a chumasú le bheith mar na foghlaimeoirí is fearr agus is féidir.

Aithníonn *Cosán* go bhfuil múinteoirí tiomanta cheana féin dá gcuid foghlama gairmiúla. Aithníonn sé na bealaí éagsúla inar inis múinteoirí dúinn faoin gcaoi ina bhfoghlaimíonn siad. Cuireann sé creatlach shoiléir agus inrochtana ar fáil dá réir le go mbeidh an fhoghlaim ghairmiúil leanúnach aitheanta, i gcomhthéacs stádas na múinteoirí mar ghairmithe cláraithe. Chomh maith leis sin cuireann sé comhthéacs soiléir ar fáil le go dtarlóidh comhráite nua faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim, idir múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus na páirtithe leasmhara uile.

Leis an bhfoilseachán seo de *Cosán*, tá an bealach réitithe anois le haghaidh tréimhse taighde, faoi threoir múinteoirí, a chuirfidh le cur i bhfeidhm náisiúnta na creatlaí. Tá an Chomhairle ag dúil le bheith ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus leis na páirtithe leasmhara oideachais, leis an sprioc seo a bhaint amach.



**Micheál Ó Gríofa**

Cathaoirleach
Chairperson



**Tomás Ó Ruairc**

Stiúrthóir
Director

# Clár an Ábhair

**1. Réamhrá** **2**

**2. Cúlra** **4**

2.1. Cúlra an pholasaí 4

2.2. An Próiseas comhairliúcháin 5

**3. Na luachanna agus prionsabail atá mar bhonn agus taca de na moltaí sa pháipéar seo** **6**

3.1. Aithneoidh *Cosán* múinteoirí mar dhaoine gairmiúla neamhspleácha agus freagracha 6

3.2. Beidh *Cosán* mar chreatlach sholúbtha 7

3.3. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí deiseanna foghlama iomchuí a aithint agus dul ina mbun 7

3.4. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí deiseanna foghlama ar ardchaighdeán a aithint, agus cuirfear deiseanna ar fáil le haghaidh cur chuigí nuálacha i dtreo an dearbhaithe cháilíochta 7

3.5. Aithneoidh *Cosán* an tábhacht a bhaineann le múinteoirí a bheith in ann teacht ar chuid mhór deiseanna foghlama éagsúla 8

3.6. Tabharfaidh *Cosán* an deis a bhfuiltear ag tnúth leis le fada do mhúinteoirí agus do na páirtithe leasmhara le glacadh le foghlaim múinteoirí agus lena haithint go foirmiúil 8

3.7. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí meas a bheith acu ina gcuid foghlama, agus tús áite a thabhairt don fhoghlaim atá mar thairbhe dóibh siúd agus dá ndaltaí 9

**4. Gnéithe d'fhoghlaim múinteoirí** **11**

4.1. Foirmiúil agus neamhfhoirmiúil 11

4.2. Pearsanta agus gairmiúil 11

4.3. Comhoibríoch agus aonarach 12

4.4. Scoilbhunaithe agus lasmuigh den scoil 12

Fíor 1 - Gnéithe d'fhoghlaim múinteoirí 13

Fíor 6 - Na príomhghnéithe de *Cosán* creatlach um fhoghlaim múinteoirí 14

**5. Próisis foghlama múinteoirí** **16**

Fíor 2 - Próisis foghlama de réir catagóire 17

Fíor 3 - Mionsonraí de na próisis foghlama 18

**6. Réimsí foghlama** **20**

Fíor 4 - Réimsí foghlama 21

**7. Ag pleanáil don fhoghlaim agus machnamh á dhéanamh ar a tionchar** **22**

7.1. Ag pleanáil don fhoghlaim 22

7.2. Machnamh aonarach á dhéanamh ar an bhfoghlaim agus a tionchar 22

7.3. Cómhachnamh á dhéanamh ar an bhfoghlaim agus a tionchar 23

**8. Na caighdeáin leis an bhfoghlaim agus an machnamh a threorú** **24**

Fíor 5 - Caighdeáin *Cosán* 24

**9. Na próisis um dhearbhú cáilíochta** **25**

**10. Na chéad chéimeanna eile i bhforbairt *Cosán*** **27**

**11. Go hachomair** **29**

# 1 Introduction

Ar feadh na mblianta tá oideachasóirí agus múinteoirí ag tacú leis an gcoincheap faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil i ngairm na múinteoireachta. Tá Wiliam (2011), mar shampla, i bhfách go mór le hionchas soiléir gur chóir don mhúinteoireacht a bheith ina gairm foghlama:

*"Teaching is such a complex craft that one lifetime is not enough to master it…, but by rigorously focusing on their classroom practice, teachers can continue to improve throughout their career. Therefore, we need a commitment from teachers — not one to attend a certain number of hours of professional development per year but a career-long commitment to the continuous improvement of classroom practice, as well as an agreement to develop their practice in ways that are likely to improve outcomes for students".*[2]

Agus an coincheap faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil curtha san áireamh, leag an Chomhairle amach a cuspóirí maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) múinteoirí in 2011, mar chuid dá *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*. Luadh ann, go speisialta, a cuspóir "chun obair i dtreo suímh, tar éis creatlach náisiúnta chomhtháite don FGL a chur i bhfeidhm … áit a mbeidh athnuachan clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi réir fianaise sásúla a fháil maidir le bheith rannpháirteach sa FGL".[3]

Cúig bliana ina dhiaidh sin, bunaithe ar an aiseolas ó mhúinteoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile le linn próiseas comhairliúcháin chuimsithigh, tá *Cosán* an Chreatlach um Fhoghlaim Múinteoirí seo á foilsiú ag an gComhairle anois. Roghnaíodh an t-ainm Gaeilge *Cosán*, chun a léiriú gurb é atá i gceist leis an bhfoghlaim, go bunúsach, ná aistear, agus is aistear é ina bhfuil an taisteal níos tábhachtaí ná an ceann scríbe a bhaint amach. I bhfocail eile, is é atá i gceist le *Cosán* ná an dul chun cinn seasta agus leanúnach, seachas barr feabhais do-aimsithe a bhaint amach. Déanann sé suntas don aistear leanúnach a thosaíonn gach múinteoir san oideachas tosaigh múinteoirí (OTM), agus tógann sé ar an dul chun cinn a dhéantar in *Droichead*, an tsamhail nua ionduchtúcháin, a bheidh ar fáil do gach múinteoir nuacháilithe (MNCanna) ó 2018/2019.

Is é is *Cosán* ann creatlach sholúbtha ina bhfuil deis lena bhfuiltear ag fanacht le fada chun luach foghlama múinteoirí a dheimhniú agus chun aitheantas a thabhairt do raon iomlán gníomhaíochtaí foghlama a dhéanann múinteoirí ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe lena ndaltaí. Chomh maith leis sin, aithníonn sé gurb é "cuid de shaol oibre an mhúinteora",[4] an fhoghlaim ghairmiúil agus go bhfuil cuid mhór dea-thola agus solúbthachta léirithe ag múinteoirí, go háirithe le blianta beaga anuas, nuair nach raibh a lán tacaíochtaí ná dreasachtaí traidisiúnta ar fáil a thuilleadh do mhúinteoirí. Rinneadh é a fhorbairt agus aird á tabhairt do na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag obair uile na Comhairle, i.e., comhfhreagracht ghairmiúil, cómhuinín ghairmiúil agus rialáil faoi stiúir ghairmiúil.

---

2 Wiliam, D. (2011). "How do we prepare students for a world we cannot imagine?" *Arna chur ar fáil ag:* http://www.dylanwiliam.org/Dylan_Wiliams_website/Papers_files/Salzburg%20Seminar%20talk.doc. Rochtain deiridh déanta air: 10 Aibreán 2015.

3 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2011). *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*. Cill Dara: An Chomhairle Mhúinteoireachta. lch. 19.

4 Sherrington, T. (2014). "What's the incentive? Systems and culture in a school context". In: Hallgarten, A., Bamfield, L., & McCarthy, K. (eagarthóirí.). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. London: RSA Action Research Centre. lch. 79.

Trí *Cosán*, tá an Chomhairle ag iarraidh cultúr "d'fhoghlaim ghairmiúil éifeachtach" a chothú bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí ina gcuid foghlama féin, ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe lena ndaltaí. Léiríonn sé an tuiscint atá ag an gComhairle maidir leis na bealaí ina bhfoghlaimíonn múinteoirí, bunaithe ar cad a d'inis na múinteoirí dúinn. Léiríonn sé freisin an machnamh a dhéanaimid faoin gcaoi inar féidir an fhoghlaim sin a aithint agus a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de, ar mhaithe leis na múinteoirí agus lena scoláirí. Ní mór cuimhneamh, áfach, nach mór an bealach ina gcuirfidh an chaoi ina rachaidh múinteoirí ina bun leis an tuiscint atá ag an bpobal maidir leis an tábhacht a bhaineann lena gcuid foghlama a oibriú amach go fóill. Is féidir le múinteoirí é seo a dhéanamh, ag obair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Dá bhrí sin, agus *Cosán* faofa ag an gComhairle, tosóidh próiseas forbartha, ina mbeidh múinteoirí in ann a dhéanamh amach cén chuma a bheidh ar an gcreatlach dóibh siúd, dá scoláirí, dá seomraí ranga agus scoileanna, i gcomhthéacs na tréimhse ama agus na n-acmhainní atá ar fáil dóibh, agus dá gcúinsí pearsanta agus gairmiúla. Sa chéim forbartha déanfar iniúchadh freisin ar an gcaoi ina bhfaighidh an fhoghlaim leanúnach tacaíocht ó struchtúir, acmhainní agus próisis ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus a bheidh nasctha leis an gclárú ar bhealach atá iomchuí agus inbhuanaithe.

# 2 Cúlra

## 2.1. Cúlra an pholasaí

Is príomhthosaíocht í foghlaim múinteoirí ar feadh an tsaoil agus a bhforbairt gairme go hidirnáisiúnta agus laistigh den AE. Aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an FGL, go háirithe, lena chinntiú go bhfuil múinteoirí ullamh le tabhairt faoi na dúshláin maidir le forbairt a dhéanamh ar na réimsí eolais, daonraí éagsúla scoláirí, ionchais shóisialta níos airde de scoileanna agus cineálácha nua freagrachtaí. Tá ríthábhacht leis na deiseanna marthanacha atá ann chun machnamh a dhéanamh ar na próisis foghlama, múinteoireachta agus measúnaithe leis an gcaighdeán i bhforbairt na gairme a chinntiú atá freagrúil do na riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus le scoileanna a fheabhsú. Is cosúil go bhfuil claonadh ann go bhfuil na córais is fearr ag dul i dtreo an FGL atá á treorú ag na múinteoirí seachas a bheith faoi thionchar na soláthraithe, a thugann i bhfad níos mó neamhspleáchais do na múinteoirí maidir le roghanna (cé nach bhfuil sé seo srianta agus táthar ag súil leis freisin gur chóir don FGL a bhfuil tacaíocht aici tabhairt faoi riachtanais scoileanna agus córas).

Rinneadh forbairtí suntasacha sa mhachnamh maidir leis an bhfoghlaim, measúnú agus ceannaireacht. I measc na bprionsabal is tábhachtaí tá na nithe seo a leanas:

- nach féidir na deiseanna chun foghlama a bheith neamhspleách ar chomhthéacs, caidreamh agus tuairimí an eolais a bhfuil ardmheas air
- go bhfuil ríthábhacht leis an measúnú múnlaitheach ó thaobh na foghlama de
- gur ceannairí iad na múinteoirí uile agus
- má ghlacann múinteoirí i bpobail cleachtais go bhfuil siad in ann cur lena saineolas.

Leis na forbairtí seo, ceistítear na cleachtais thraidisiúnta, agus tá gá le hathruithe sa chaoi ina mbíonn múinteoirí ag smaoineamh, agus dá réir sin beidh gá lena lán deiseanna d’fhoghlaim múinteoirí. Dá bhrí sin, ba chóir tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag glacadh freagrachta dá gcuid foghlama féin, gur chóir an machnamh aonarach agus an cómhachnamh a spreagadh, agus gur chóir aitheantas a thabhairt d’fhoghlaim leanúnach na múinteoirí, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile.

Le gach rud thuas curtha san áireamh, agus arna shaibhriú ag an taighde agus an comhairliúchán fairsing, d’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* in 2011.

Sa pholasaí tugtar an sainmhíniú tábhachtach d’fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí: “Ciallaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) foghlaim ar feadh an tsaoil ag múinteoirí; cuimsíonn sé an réimse iomlán taithí oideachais ceaptha le saibhriú a dhéanamh ar eolas gairmiúil, tuiscint agus ábaltachtaí múinteoirí ar feadh a ngairmréime”.[5] Sa pholasaí freisin tá suíomh na Comhairle Múinteoireachta leagtha amach maidir le forbairt creatlaí náisiúnta comhtháite d’fhoghlaim ghairmiúil leanúnach múinteoirí.

---

5 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2011). *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí.* Cill Dara: An Chomhairle Mhúinteoireachta. lch. 19.

Sa *Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* (2012) leagtar síos cúlra tábhachtach freisin. Sa cheann seo leagtar amach na hardchaighdeáin maidir le foghlaim múinteoirí. Luaitear ann gur chóir do mhúinteoirí freagracht phearsanta a ghlacadh le caighdeán a gcleachtaidh ghairmiúil a chothú agus a fheabhsú trí na nithe seo a leanas:

- an t-eolas gairmiúil agus an tuiscint ghairmiúil atá acu a chothabháil lena chinntiú go bhfuil siad suas chun dáta
- machnamh agus meastóireacht ghéar a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil, de bharr an stóir eolais ghairmiúil atá acu agus
- leas a bhaint as na deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil ar feadh a ngairm bheatha.

Tá tuilleadh eolais faoi chomhthéacs an pholasaí, agus soláthar an FGL in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar fáil i ndoiciméad cúlra na Comhairle, Oideachas Múinteoirí in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta (2010).[6]

Ós rud é go mbraitheann caighdeán foghlama na scoláirí a oiread ar fhoghlaim na múinteoirí agus ar a gcuid múinteoireachta, is buncheist í seo do gach múinteoir, do gach scoil, do gach eagraíocht nó cumann a bhfuil baint acu le cúrsaí oideachais, agus do shochaí na hÉireann i gcoitinne.

## 2.2. An próiseas comhairliúcháin

D'fhonn níos mó a fháil amach faoi thaithí múinteoirí maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil, agus le cur leis an bhforbairt ar chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, bheartaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta próiseas comhairliúcháin cuimsitheach. Ba phróiseas ar leith a bhí i gceist leis an gcéad chéim, a bhí ar siúl go déanach in 2014, sa chaoi is nach raibh an Chomhairle i mbun comhairliúcháin ar dhréacht ullmhaithe den chreatlach. Seachas sin, thug sí cuireadh do mhúinteoirí a gcuid tuairimí tosaigh a thabhairt sular cuireadh tús leis an bpróiseas dréachtaithe. Sa chaoi sin, fágadh cruth agus ábhar na creatlaí i lámha na gairme. Ba chur chuige iomlán nua é seo don Chomhairle, agus do chuid mhór múinteoirí freisin, agus ceann a bhí éifeachtach dá réir, agus a chothaigh comhráite gairmiúla torthúla agus a ghin sonraí luachmhara. Agus é seo á dhéanamh, thug an próiseas deis do ghuth na múinteoirí forbairt a dhéanamh ar an teanga agus na struchtúir a choinneoidh an fhoghlaim san áit is dual di – i gcroílár ghairm na múinteoireachta.

I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsigh an Chomhairle an chéad dréacht de chreatlach *Cosán* agus cuireadh tús leis an gcéad chéim eile den chomhairliúchán. Cuireadh an chéim sin i gcrích i mí na Nollag 2015.

Idir an dá chéim, is é a bhí i gceist ná raon meicníochtaí comhairliúcháin, lena n-áirítear ceardlanna in Ionaid Oideachais ag leibhéal na scoile, suirbhéanna ar líne, cruinnithe le páirtithe leasmhara agus aiseolas trí ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe. Tá sonraí iomlána an phróisis chomhairliúcháin ar fáil sa pháipéar cúlra ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Ag féachaint don aiseolas ar fad a fuarthas, rinneadh athbhreithniú ar an dréachtchreatlach agus d'fhaomh an Chomhairle an chreatlach nuashonraithe seo ar an 15 Feabhra 2016. An chéad chéim eile d'fhobairt an pholasaí is ea céim forbartha, nuair a chuirfidh na múinteoirí a roghnaíonn bheith rannpháirteach sa phróiseas sin an chreatlach i bhfeidhm ina gcomhthéacs ar leith, ag baint úsáide as cur chuige taighde fheidhmigh. Cuirfidh torthaí an taighde fheidhmigh leis an bhforbairt leanúnach den chreatlach.

6 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2010). *Oideachas Múinteoirí in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta*. Cill Dara: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

# 3 Na luachanna agus prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag na tograí sa pháipéar seo

Is iad ceithre luach eiticiúla atá mar bhonn agus mar thaca ag cleachtadh múinteoirí, atá leagtha amach sa *Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*. Is iad seo a leanas iad:

- meas
- cúram
- ionracas agus
- iontaoibh.

Ós rud é go bhfuil foghlaim múinteoirí chomh tábhachtach céanna lena gcleachtadh is atá lena dteagasc, tá ríthábhacht leis na luachanna seo sa chreatlach seo.

Tá na luachanna den chomhfhreagracht ghairmiúil, an mhuinín ghairmiúil chomhchoiteann agus an rialáil faoi stiúir ghairmiúil mar bhonn agus mar thaca ag obair na Comhairle freisin. Agus na luachanna seo uile á gcur san áireamh, is iad na prionsabail atá leagtha amach thíos bunúdar *Cosán*. Tá an Chomhairle ag iarraidh ar na páirtithe leasmhara uile tógáil ar spiorad na comhpháirtíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag a forbairt polasaí ó bunaíodh é, lena chinntiú go mbeidh na prionsabail seo curtha i bhfeidhm go fírinneach in obair leanúnach an teagaisc agus na foghlama atá mar chroílár na scoileanna uile.

## 3.1. Tabharfaidh *Cosán* aitheantas do mhúinteoirí mar ghairmithe foghlama neamhspleácha agus freagracha

I dteoiricí foghlama d’aosaigh is é an tátal a bhaintear astu gur próiseas gníomhach seachas próiseas éighníomhach é foghlaim éifeachtach, agus nach féidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil tarlú más faighteoirí éighníomhacha iad na múinteoirí seachas faighteoirí gníomhacha.[7] Gné lárnach de *Cosán*, dá bhrí sin, is ea fís de mhúinteoirí mar ghairmithe a spreagtar go nádúrtha le húinéireacht a ghlacadh ar a bhforbairt ghairmiúil agus bealach a gcuid aistear foghlama féin a stiúradh. Beidh meas ag *Cosán* ar ghairmiúlacht na múinteoirí ina ligfear dóibh a gcuid neamhspleáchais a chur i gcrích agus na cineálacha deiseanna foghlama a mbainfidh siadsan agus a scoláirí an leas is mó astu a aithint agus páirt a ghlacadh iontu. Dá réir sin, ba chóir go gcuireadh an fhoghlaim ghairmiúil le neamhspleáchas gairmiúil na múinteoirí.

Tá dlúthbhaint ag an gcoincheap faoin neamhspleáchas gairmiúil leis an bhfreagracht ghairmiúil, toisc go bhfuil an dá cheann bunaithe ar an mbuntuiscint go gcuirtear iontaoibh i múinteoirí, mar ghairmithe, agus go bhfuil siad tiomanta le gníomhú ar mhaithe le daoine eile. Tháinig an coincheap seo chun cinn go mór ó aiseolas na múinteoirí agus is léir go bhfuil creatlach á lorg acu ina “gcuirfear iontaoibh i ngairmiúlacht na múinteoirí” agus “ina mbeidh breithiúnas gairmiúil freagrach ó mhúinteoirí aonair/na baill foirne…”.

7 Lieberman, A. (1995). “Practices that support Teacher Development” in: *Phi Delta Kappan*, 00317217, 76 (8), lgh. 591–596.

## 3.2 *Cosán* will be a flexible framework

Ba chóir go mbeadh nasc idir foghlaim múinteoirí agus riachtanais múinteoirí, riachtanais scoláirí agus riachtanais na scoile, agus ba chóir idirdhealú a dhéanamh eatarthu le bheith in oiriúint do chultúr agus comhthéacs obair na múinteoirí. Ní grúpa aonchineálach é gairm na múinteoireachta agus cuireann an chreatlach um fhoghlaim múinteoirí san áireamh "patrúin aonaracha múinteoirí, a gcuid tosaíochtaí agus an áit a bhfuil siad ina saol",[8] chomh maith le luachanna, mothúcháin, inspreagadh agus muinín ghairmiúil na múinteoirí. Tá *Cosán* solúbtha go nádúrtha leis na réimsí éagsúla seo a chur san áireamh, agus ag an am céanna a bheith in ann riachtanais na scoláirí, na scoile agus an chórais a chomhlíonadh.

## 3.3. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí deiseanna foghlama iomchuí a aithint agus dul ina mbun

Cáineadh a dhéantar go minic maidir le cláir FGL ná go gcaitheann siad le forbairt ghairmiúil múinteoirí mar ghníomhaíocht atá éagsúil le hobair laethúil na múinteoirí, a chuireann teorainn lena n-éifeachtúlacht agus a chuireann srian leis na deiseanna atá ann do scoileanna le tairbhe a bhaint as foghlaim múinteoirí.[9] Mar chuid den aiseolas a thug siad don Chomhairle, leag múinteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann leis na deiseanna foghlama a bheith ábhartha. Rinne múinteoirí in Ionad Oideachais amháin cur síos air seo a rá gur "gá dó a bheith réalaíoch". Tá deiseanna á lorg acu le dul i mbun foghlama atá iomchuí dá gcuid riachtanas agus do riachtanais a gcuid daltaí, ag féachaint dá n-earnáil, do staid a ngairm bheatha agus, i gcás múinteoirí iarbhunscoile, a n-ábha(i)r. Trí mhéid suntasach de roghanna agus neamhspleáchas a chur san áireamh, cinnteoidh *Cosán* go mbaineann an fhoghlaim le múinteoirí agus lena riachtanais foghlama.

## 3.4. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí deiseanna foghlama ar ardchaighdeán a aithint, agus cuirfear deiseanna ar fáil le haghaidh cur chuigí nuálacha i dtreo an dearbhaithe cháilíochta

I litríocht taighde fhairsing léirítear gurb é an rud is éifeachtaí a dhéanann an fhorbairt ghairmiúil ná feabhas a chur ar chleachtadh teagaisc múinteoirí agus cur leis an fhoghlaim scoláirí nuair is foghlaim leanúnach agus mharthanach í, agus nuair a bhíonn sí ceangailte go dlúth le hobair múinteoirí sa seomra ranga, nuair a chothaíonn sí comhoibriú gairmiúil na múinteoirí, agus nuair a bhaineann sí go comhleanúnach le hiarrachtaí um athchóiriú scoileanna i gcoitinne.[10]

Trí aitheantas a thabhairt do thábhacht ról na múinteoirí le caighdeán a gcuid foghlama a dhearbhú, cinnteoidh *Cosán* go mbeidh baint ag an bhfoghlaim leo i gcomhthéacs a seomraí ranga agus a scoileanna, agus go mbeidh sí éifeachtach lena riachtanais foghlama ghairmiúla agus phearsanta a chomhlíonadh. Féach ar chuid 9 le haghaidh tuilleadh sonraí.

8 Stoll, L., Fink, D., & Earl, L.M. (2003). *It's About Learning (and It's About Time): What's in it for Schools?* London: Routledge Falmer.

9 OECD. (2005). Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers. Páras: OECD.

10 Wei, Darling-Hammond, *et al.*, (2009); Darling-Hammond & Richardson, (2009); Garet, Porter, Desimone, Birman, & Yoon, (2001); Elmore & Burney, (1997) a bhfuil tagairt déanta dó in: Burns, D. & Darling-Hammond, L. (2014). *Teaching Around the World: What Can TALIS Tell Us?* California: Stanford Center for Opportunity Policy in Education. lch. 27.

## 3.5. Aithneoidh *Cosán* an tábhacht a bhaineann le múinteoirí a bheith in ann teacht ar chuid mhór deiseanna foghlama éagsúla

I bpolasaí na Comhairle Múinteoireachta deirtear gur ceart agus freagracht í an fhoghlaim ghairmiúil (FGL) do gach múinteoir.[11] Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn múinteoirí in ann rochtain a dhéanamh ar na deiseanna cuí le dul i mbun foghlama gairmiúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Agus é seo luaite, aithnítear go bhfuil an coincheap rochtana, go háirithe toisc go mbaineann sé le deiseanna foghlama níos foirmiúla, casta, agus d'fhéadfadh gnéithe costais, ama, teangeolaíochta agus tíreolaíochta a bheith i gceist. An chúis is coitianta a léirítear maidir le heaspa rannpháirtíochta múinteoirí san fhoghlaim múinteoirí ná easpa ama[12] agus leag cuid mhór múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán béim air seo.

Creideann an Chomhairle go bhfuil gach múinteoirí i dteideal spás agus am tiomnaithe a bheith acu don fhoghlaim aonarach agus don chómhfhoghlaim agus le machnamh a dhéanamh orthu chomh maith. Tá freagracht ar mhúinteoirí freisin ag an am céanna leas a bhaint as an am sin chun foghlama nuair a chuirtear é ar fáil dóibh. Aithnítear an luach a bhaineann le shaoirí sabóideacha nó le cineálacha saoire eile, ar nós na cinn atá ar fáil sa Nua-Shéalainn, ina bhféadfadh múinteoirí dul i mbun taighde, clár malartaithe nó cineálacha eile de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla, a thacódh leo mar thaighdeoirí agus mar chleachtóirí athmhachnamhacha.

Tá an Chomhairle ag iarraidh ar gach páirtí leasmhar a bhfuil freagracht orthu sa réimse seo comhoibriú le chéíle le spás gairmiúil a bhaint amach ina bhfuil meas ag na múinteoirí agus ag daoine eile ar fhoghlaim múinteoirí. Dá réir sin, athshonraíonn an Chomhairle a staid polasaí gur chóir go bhfaigheadh an fhoghlaim ghairmiúil tacaíocht ó na struchtúir, acmhainní agus próisis iomchuí ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus is é príomhfhreagracht agus ról díreach an Stáit, i gcomhar leis an gComhairle, tacú le hoideachas múinteoirí ar ardchaighdeán. Leagtar béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht agus bainistíocht scoile éifeachtach, le cultúr d'fhoghlaim agus rannpháirtíocht ghairmiúil a chothú, agus le tacaíocht ghníomhach a thabhairt do rannpháirtíocht múinteoirí agus iad ag foghlaim ag leibhéal na scoile.

## 3.6. Tabharfaidh *Cosán* an deis a bhfuiltear ag tnúth leis le fada do mhúinteoirí agus do na páirtithe leasmhara le glacadh le foghlaim múinteoirí agus lena haithint go foirmiúil

Léirigh níos mó ná leath de na freagraí a tháinig ó na ceardlanna comhairliúcháin le múinteoirí gur chreid siad gur chuir an easpa aitheantais nó creidiúnaithe le taithí dhiúltach an FGL. Rinne Owen  an argóint "teachers need an outlet to showcase what they have achieved. Schools are good at celebrating the successes of their students, but are still reticent about applauding the successes of teachers … Let us see a celebration of what we have achieved. Let it feel prestigious and let it hold value. Let us find ways to link up research projects across the country and expand the dialogue … Creative professional development deserves to be acknowledged and applauded".[13]

11 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2011). *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*. Cill Dara: An Chomhairle Mhúinteoireachta. lch. 10.

12 Villegas-Reimers, E. (2003). *Teacher Professional Development: an international review of the literature*. Páras: UNESCO International Institute for Educational Planning. lch. 125.

13 Owen, L. (2014). "Continuing Professional Development: can it ever be creative?" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality.* Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 63.

Luadh é seo arís nuair a rinne múinteoirí in Ionad Oideachais amháin éileamh ar an gComhairle “barr feabhais agus caighdeáin arda agus díograis na múinteoirí a chur chun cinn go dearfach”.

Agus an chreatlach seo á forbairt, tá an Chomhairle ag tabhairt aitheantais go poiblí do na bealaí éagsúla ina ndéanann múinteoirí gach iarracht chun an t-eolas atá acu ar ábhair a choinneáil suas chun dáta, agus ina léiríonn siad cé chomh tiomanta agus atá siad dá gcuid foghlama ar bhonn leanúnach. Beidh ról lárnach ag an gComhairle, trína ról creidiúnaithe le dearbhú a thabhairt do na múinteoirí agus don phobal maidir le hardchaighdeán na foghlama leanúnaí. Mar a dúirt múinteoir amháin, “Má dhéantar an FGL a chreidiúnú, rachaidh sé chun tairbhe go hinmheánach agus go seachtrach”. Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar sin féin, go n-aithníonn *Cosán* ról tábhachtach na múinteoirí freisin le caighdeán a gcuid foghlama féin a dhearbhú. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i gcuid 9.

## 3.7. Éascóidh *Cosán* é do mhúinteoirí meas a bheith acu ina gcuid foghlama, agus tús áite a thabhairt don fhoghlaim atá mar thairbhe dóibh siúd agus dá ndaltaí

Bhí díospóireacht leathan ann i rith an phróisis chomhairliúcháin maidir le tionchar fhoghlaim na múinteoirí ar a gcleachtadh, ar a scoláirí, ar a scoileanna nó ar an gcóras oideachais i gcoitinne. Leag na múinteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le fócas praiticiúil a bheith ag a gcuid foghlama, agus dúirt scoil amháin ó thaobh na foghlama gairmiúla “nach mór go gcuirfidh sí lenár dteagasc agus lenár bhfoghlaim sna seomraí ranga”. Luann Wiliam é seo arís, ag tarraingt airde nach leor an méid rannpháirtíochta san fhorbairt ghairmiúil amháin leis an éifeachtacht a chinntiú. Agus mionléiriú á dhéanamh ar an bpointe seo, deir sé cé gur léir gur chóir do mhúinteoirí a bheith rannpháirteach i bhforbairt ghairmiúil a dhíríonn ar ghnéithe den chleachtadh a théann chun tairbhe a ndaltaí, tá go leor gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla “have been focussed on fads with little research evidence in their support”.[14] Tugann sé le tuiscint go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag an taighde oideachais chun a chur in iúl do mhúinteoirí na treoracha is fearr a bheadh in ann tionchar a imirt ó thaobh an chleachtaidh de.

Tuigeann an Chomhairle go hiomlán faoin solúbthacht atá ag teastáil agus í ag breathnú ar thionchar fhoghlaim na múinteoirí, toisc gur rud é seo nach gá a bheith in ann a thomhas go héasca, ná a bheith teoranta do thorthaí infheicthe. Tacaíonn Powell leis an seasamh seo trí rabhadh a thabhairt maidir leis an tionchar a bheith bainteach le sonraí inchainníochtúla amháin nó i dtéarmaí ghnóthachtálacha na ndaltaí amháin. “Teachers’ judgements, insights, and reflections of what constitute significance and value in relation to their own personal, academic, and professional needs and development are equally important”.[15] Tógtar san áireamh an coincheapadh tionchair seo atá níos leithne gur féidir le foghlaim múinteoirí tionchar a imirt ar leibhéil a rannpháirtíochta, a n-inspreagtha agus a dtaitnimh, agus dá bhrí sin ag cur feabhais ar a gcleachtadh mar dhaoine aonair, agus le chéile freisin, trí phobail foghlama ghairmiúla a chur chun cinn.

14 Wiliam, D. (2014). “Teacher expertise: Why it matters, and how to get more of it” In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 32.

15 Powell, E., Terrell, I., Furey, S., & Scott-Evans, A. (2003). Teachers’ perceptions of the impact of CPD: An institutional case study. *Journal of In-service Education, 29* (Uimhir 3), lch..399.

Dá bhrí sin tá sé i gceist leis an bhforbairt a dhéanfar ar *Cosán* go gcruthófar deiseanna, inar féidir le múinteoirí "think clearly and in an evidence-based way about the contribution of professional learning to teachers' effectiveness individually and, more importantly, collectively".[16] Éascóidh a leithéid de phróisis freisin é do mhúinteoirí agus iad ag breathnú ar bhealaí casta inar féidir lena gcuid foghlama a bheith mar thairbhe dá scoláirí (ní hamháin ó thaobh thorthaí foghlama na scoláirí, ach tríd is tríd, ó thaobh leibhéil a n-inspreagtha, a gcuid spéise, a rannpháirtíochta, agus a dtaitnimh, etc..), do chultúr na scoile, agus do phobal na scoile i gcoitinne.

16 Cordingley, P. (2014). "Teacher licensing and collaboration: a model for developing the confidence of the profession as a whole" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create*: *Ten essays on improving teacher quality.* London: RSA Action and Research Centre. Ich. 45.

# 4 Gnéithe d'fhoghlaim múinteoirí

Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí agus páirtithe leasmhara eile, in éineacht le hathbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht ábhartha, ceapann an Chomhairle go bhfuil gnéithe éagsúla i gceist leis an bhfoghlaim múinteoirí agus tá na ceithre phríomhghné seo a leanas curtha san áireamh sa chreatlach:

- foirmiúil/neamhfhoirmiúil
- pearsanta/gairmiúil
- comhoibríoch/aonarach agus
- scoilbhunaithe/lasmuigh den scoil nó den ionad oibre.=

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil na ceithre ghné comheisiatach, mar atá léirithe i bhFíor 1, is féidir iad a chomhcheangal agus a bheith i gcomhréim lena chéile chun réimse leathan de dheiseanna foghlama éagsúla a chruthú. Mar shampla, is féidir an fhoghlaim fhoirmiúil a dhéanamh go haonarach nó i dteannta lena chéile, agus go minic leis na deiseanna foghlama déantar gnéithe comhoibríocha nó aonaracha a ionchorprú go minic, ar nós ceardlann ina bhfuil píosa machnaimh aonarach i gceist. Chomh maith leis sin, is féidir foghlaim chomhoibríoch a bheith foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus ag an am céanna is féidir leis an bhfoghlaim scoilbhunaithe agus an fhoghlaim lasmuigh den scoil nó den ionad oibre a bheith pearsanta agus gairmiúil araon.

## 4.1. Foirmiúil agus neamhfhoirmiúil

Tarlaíonn an fhoghlaim ghairmiúil ag leibhéal foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon. Mar chuid den chéad chéim den chomhairliúchán, leag aiseolas ó na múinteoirí béim ar na próisis foghlama neamhfhoirmiúla mar phróisis atá an-luachmhar, agus tharraing go leor múinteoirí aird ar shamplaí ar nós "na comhráite agus glaonna fóin foghlama" agus d'iarr siad go n-aithneodh an chreatlach "gach cineál plé arna shaibhriú le cúrsaí oideachais". Athluann Owen é seo freisin a rá "teachers share insights with their colleagues when they can, often in brief exchanges in the corridor, at the coffee machine or in the staff room. But formal training sessions are not always the best place for meaningful collaboration, which depends on regular networking, sharing and interrogating our ideas and finding creative solutions to collective challenges".[17]

## 4.2. Pearsanta agus gairmiúil

Agus iad comhaontaithe maidir leis an spéis dhomhain atá acu san fhoghlaim ghairmiúil, léirigh na múinteoirí a ghlac páirt i bpróiseas comhairliúcháin na Comhairle spéis láidir san fhorbairt phearsanta.

17 Owen, L. (2014). "Continuing Professional Development: can it ever be creative?" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 60.

Le hathbhreithniú a rinneadh ar litríocht ábhartha tugtar le tuiscint go bhfuil dlúthnasc an-láidir idir an dá cheann.[18] Rinneadh *Cosán* a fhorbairt ar bhealach ina n-aithnítear an t-idircheangal idir an dá choincheap agus an bealach ina dtéann siad chun tairbhe don dá cheann.

## 4.3. Comhoibríoch agus aonarach

Bunaithe ar aiseolas a tháinig ó mhúinteoirí a d'fhreastail ar na ceardlanna sna hIonaid Oideachais, ceaptar gurb í an fhoghlaim múinteoirí chomhoibríoch an ghné is tábhachtaí de FGL dhearfach a n-éiríonn léi. Ba mhór ag múinteoirí smaointe nua, modheolaíochtaí agus acmhainní a chomhroinnt agus an tacaíocht a fuair siad ó chomhghleacaithe. Léirítear é seo i saothar líon mór teoiricithe a rinne an argóint gur foghlaim shóisialta atá i gceist le gach foghlaim agus gur chóir foghlaim múinteoirí a chur le chéile go sóisialta i dtimpeallacht a thugann tacaíocht d'idirspleáchas múinteoirí.[19]

Agus béim á leagan aige ar thábhacht chomhoibriú na múinteoirí le múinteoirí eile, luann William "currently, the available evidence does not support the idea that collaboration with other teachers will always be the best way for every teacher to improve his or her practice".[20] Ar an gcúis sin, aithníonn an Chomhairle, cé go bhfuil béim curtha ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú a bhfuil cuspóir leis, bíonn buntáistí leis an bhfoghlaim aonair freisin agus ba chóir é a aithint in *Cosán*.

Ina theannta sin, tá *Cosán* bunaithe ar an mbonn cé go bhfuil múinteoirí atá ag comhoibriú lena chéile ag obair i dtreo comhspriocanna foghlama gairmiúla, is é is dóichí go mbeidh *cosán* foghlama pearsantaithe i dtreo na spriocanna sin aitheanta ag gach ceann díobh.[21] Ó am go ham, is cinnte go mbeidh na cosáin seo i gcomhréim lena chéile (e.g. foghlaim ghairmiúil scoilbhunaithe; tinreamh ag an imeacht foghlama gairmiúil céanna), agus is ag na pointí trasnála seo atá múinteoirí in ann an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir a gcleachtadh féin a chur chun cinn ar thaobh amháin, agus pobal freagrúil agus spreagúil de chleachtadh a chruthú ar an taobh eile.

## 4.4. Scoilbhunaithe agus lasmuigh den scoil

I gcuid mhór taighde oideachais fuarthas "…learning that is embedded in the work itself is far more powerful than de-contextualised in-service".[22]

Mar chodarsnacht air seo, d'aithin Institiúid na hAstráile um Theagasc agus Cheannasaíocht Scoile, agus anailís á déanamh ar chleachtais forbartha ghairmiúla atá nuálach, na buntáistí a bhain le deiseanna foghlama tumthacha, a "…take people out of their normal environments and create new realities that challenge existing thinking and practice".[23]

18 Livingston, K. (2012). "Quality in teachers' professional career long development". In: Harford, Hudson & Niemi (eagarthóirí.). *Quality Assurance and Teacher Education: International Challenges and expectations*. Oxford: Lang. lch. 37.

19 Stoll, Fink & Earl, (2003); Sawyer, (2006); Darling-Hammond and McLaughlin, (1995).

20 Wiliam, D. (2014). "Teacher expertise: Why it matters, and how to get more of it" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 33.

21 Lowrie, T. (2014). An educational practices framework: the potential for empowerment of the teaching profession. *Journal of Education for Teaching: International research and pedagogy,* 40(1), lgh. 34–46 DOI: 10.1080/02607476.2013.864016.

22 Harris, A. & Lambert, L. (2003). *Building Leadership Capacity for School Improvement*. Berkshire: Open University Press. lch. 92.

23 Australian Institute for Teaching and School Leadership. (2014). *Global trends in professional learning and performance & development: Some implications and ideas for the Australian education system*. Melbourne: AITSL. lch. 19.

Bunaithe ar an aiseolas ó mhúinteoirí le linn na chéad chéime den chomhairliúchán, is léir go bhfeiceann siad fiúntas i ndeiseanna foghlama scoilbhunaithe agus sna deiseanna a bhíonn taobh amuigh den scoil. Ar an gcúis sin, aithníonn *Cosán* an fiúntas a bhaineann leis an dá cheann.

## **Fíor 1** - Gnéithe d'fhoghlaim múinteoirí



**Fíor 6** - Príomhghnéithe *Cosán* creatlach um fhoghlaim múinteoirí



# 5 Próisis foghlama múinteoirí

Sa *Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* sonraítear gur chóir do mhúinteoirí "freagracht phearsanta a ghlacadh le caighdeán a gcleachtais ghairmiúil a chothabháil agus a fheabhsú trí na nithe seo a leanas:

- a ndícheall a dhéanamh leis an eolas gairmiúil agus an tuiscint ghairmiúil atá acu a chothabháil lena chinntiú go bhfuil siad suas chun dáta
- machnamh agus meastóireacht ghéar a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil, de bharr an stóir eolais ghairmiúil atá acu agus
- leas a bhaint as na deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil ar feadh a ngairm bheatha".[24]

Bunaithe ar an aiseolas a tháinig ón gcéad chéim den chomhairliúchán, is léir go bhfeiceann múinteoirí an fiúntas i bpróisis foghlama éagsúla. Léiríonn sé seo an chastacht a bhaineann leis an múinteoireacht mar ghairm agus is é tátal na dtorthaí a fuair líon mór teoiricithe ná go bhfoghlaimíonn gach duine ar bhealaí éagsúla.[25]

I bhFíor 2 dírítear ar na cineálacha próiseas foghlama a dtugann múinteoirí fúthu faoi láthair, ag baint leasa as an athbhreithniú ar an litríocht agus as an aiseolas ó mhúinteoirí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. I bhFíor 3 cuirtear samplaí de phróisis foghlama ar fáil faoi gach ceannteideal. Leis an gcreatlach, beidh múinteoirí in ann raon gníomhaíochtaí foghlama a roghnú ina gcuirfí san áireamh a riachtanais agus a gcúinsí pearsanta. Tá an cur chuige seo ag teacht le dearcthaí líon mór údar, Lowrie ina measc, a thacaíonn leis an gcoincheap faoin bhfoghlaim ghairmiúil phearsantaithe, agus Wiliam, atá ar son ról níos mó a bheith ag múinteoirí le cinneadh a dhéanamh maidir lena n-oibríonn go maith dóibh féin: "Novice teachers will, of course, need clear direction from their supervisors about which aspects of their practice should be priorities for development, but once teachers are established in their classrooms, it seems reasonable to assume that each teacher has a better idea of what will improve the learning of their students, in their classroom, in the context of what they are teaching them, than anyone else".[26]

Tá an cur chuige seo ag teacht freisin le ceann amháin de na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca d'obair uile na Comhairle, i.e., rialáil faoi stiúir ghairimiúil, agus na prionsabail a bhaineann leis an neamhspleáchas gairmiúil agus leis an solúbthacht mar a leagadh amach níos luaithe, ós rud é gur féidir le múinteoirí trína neamhspleáchas a bhfoghlaim ghairmiúil a phleanáil chun na riachtanais a bhíonn acu agus riachtanais a scoláirí, a bhíonn ag athrú de shíor, a chur san áireamh.

24 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2012). Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Cill Dara: An Chomhairle Mhúinteoireachta. lch. 8.

25 Rogers, C.R. & Freiberg, H.J. (1994). Freedom to learn. (3rd ed.). Nua-Eabhrac: Macmillan College Publishing Company.

26 Wiliam, D. (2014). "Teacher expertise: Why it matters, and how to get more of it" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 32.

**Fíor 2** - Na próisis foghlama de réir catagóire



**Fíor 3** - Mionsonraí de na próisis foghlama







Cleachtadh machnamhach
Cleachtadh agus comhoibriú
Ábhair churaclaim á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm
Ag tabhairt faoi thionscnaimh nua ar bhonn píolótach
Tionscadail taighde fheidhmigh
Ag foghlaim tríd an measúnú
Rannpháirteach i dteagasc foirne
Rannpháirteach in obair scrúduithe Stáit
Taithí á comhroinnt le comhghleacaithe trí chur i láthair a dhéanamh nó cur leis an mbonn eolais den teagasc agus den fhoghlaim
Gníomhaíochtaí gairmiúla tumthacha
Rannpháirteach in eistéirneacht i dtionscal nó i suíomh seachtrach eile a bhfuil baint aige le mo ról mar mhúinteoir
Rannpháirteach i gcuairt staidéir
Obair dheonach thar lear
Leas á bhaint as deis iasachta le soláthraí oideachas múinteoirí, seirbhís tacaíochta, etc.
Taighde
Rannpháirteach i researchmeet nó in imeacht taighde eile
Taighde a dhéanamh mar chuid de chlár acadúil
Taighde Feidhmeach
Ballraíocht de ghrúpa rannpháirtíochta taighde
Cúrsaí, cláir, ceardlanna agus imeachtaí eile
Cúrsaí a dhéanamh, laistigh agus lasmuigh den scoil
Rannpháirteach i gcomhdháil, ceardlann, researchmeet, etc.
Ag freastal ar léachtaí nó seimineáir
Rannpháirteach i staidéir acadúla iarchéime
Cúrsaí Móra Oscailte Ar Líne
Cleachtadh machnamhach

# 6 Réimsí foghlama

De bharr chastacht na múinteoireachta, tá réimse leathan i gceist le foghlaim múinteoirí. Tá iarracht déanta ag an gComhairle an réimse leathan sin a léiriú sna sé cheannteideal thíos. Tá sé beartaithe, agus a gcosáin foghlama á bpleanáil acu, go roghnóidh múinteoirí meascán de na próisis foghlama a chomhlíonann a riachtanais foghlama faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas.

**Foghlaim threoraithe** - San áireamh faoin gceannteideal seo bheadh, mar shampla, foghlaim múinteoirí a bhaineann le heolas ar ábhair, eolas ar ábhair oideolaíocha, cúrsaí measúnaithe, cúrsaí ceannaireachta, etc.

**Cuimsiú** - San áireamh faoin gceannteideal seo bheadh an fhoghlaim a bhaineann le gné ar bith den chuimisiú. Féachann an Chomhairle ar an gcuimsiú i dtéarmaí leithne, agus sa chomhthéacs sin, san áireamh faoin gceannteideal seo d'fhéadfadh aon ghné d'fhoghlaim múinteoirí a bheith i gceist a dhíríonn ar an gcumas atá iontu a fheabhsú chun tabhairt faoi agus freagairt d'éagsúlacht riachtanais na scoláirí; an rannpháirteachas san fhoghlaim, sna cultúir agus sna pobail a chumasú; agus, na bacainní laistigh de chúrsaí oideachais agus ó chúrsaí oideachais a bhaint trí fhreastal ar na struchtúir agus socruithe ábhartha agus soláthar a dhéanamh dóibh ionas go mbeidh gach scoláire in ann an tairbhe is mó a bhaint amach trí bheith ag freastal ar scoil.[27]

**Folláine** - Baineann an Chomhairle ciall ghinearálta as an bhfolláine, a chuimsíonn folláine na scoláirí chomh maith le folláine na múinteoirí iad féin. Tá folláine na scoláirí mar chroílár gach pobail scoile, agus tá ríthábhacht leis dá gcumas le bheith in ann rochtain a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Chomh maith leis sin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le féinchúram ionas gur féidir leat cúram a thabhairt do dhaoine eile agus, sa chomhthéacs sin, tá ríthábhacht le folláine múinteoirí má tá siad leis an bhfoghlaim a threorú go héifeachtach, agus tacú le foghlaim múinteoirí agus é a éascú ina gcuid iarrachtaí.  Agus é seo ar fad á chur san áireamh, d'fhéadfadh aon ghné d'fhoghlaim múinteoirí a bheith san áireamh sa cheannteideal seo, go haonarach nó i gcomhar le múinteoirí nó comhghairmithe, a bhfuil mar aidhm aici a n-acmhainn a fheabhsú le cultúr, éiteas agus timpeallacht a chothú a chuireann an fhorbairt agus rath fhuinniúil agus optamach chun cinn, do gach duine i bpobal na scoile. D'fhéadfaí gnéithe cultúrtha, acadúla, sóisialta, mothúchánacha, fisiciúla nó teicneolaíochta a bheith san áireamh, agus béim ar leith ar an neart.

**TFC** - San áireamh sa cheannteideal seo bheadh an fhoghlaim a dhéanann cumas múinteoirí a fhorbairt le TFC a úsáid leis an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Bheadh an fhoghlaim a bhaineann le húsáid TFC leis na príomhscileanna foghlaimeoirí a fhorbairt san áireamh ann, mar uirlis sa churaclam iomlán, agus mar uirlis le rochtain a dhéanamh ar an taighde agus le bheith rannpháirteach ann.

---

27 Winter, E. & O'Raw, P. (2010). *Literature review on the principles and practices relating to inclusive education for children with special educational needs.* An Mhí: NCSE. lch. 39.

**Litearthacht agus uimhearthacht** - Ag teacht leis na tosaíochtaí foghlama náisiúnta, san áireamh sa cheannteideal seo bheadh an fhoghlaim a bhaineann le ceisteanna breise maidir leis an litearthacht agus uimhearthacht. I dtaca leis seo is féidir ciall a bhaint as an litearthacht mar "an cumas le cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus ciall a bhaint astu, lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta agus na meáin dhigiteacha. Níl an uimhearthacht teoranta don chumas le bheith in ann úsáid a bhaint as uimhreacha …(toisc)… go gcuimsíonn sé (níos mó) an cumas le tuiscint agus scileanna matamaitciúla le fadhbanna a réiteach agus le freastal ar na dúshláin den tsaol laethúil i suíomhanna sóisialta casta".[28]

**Ag tacú le foghlaim múinteoirí** - San áireamh sa cheannteideal seo bheadh foghlaim múinteoirí, mar shampla, trí thacú le múinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán scoile mar mhúinteoirí comhoibritheacha, nó trí thacú le MNCanna le linn a gcéime ionduchtúcháin mar bhall den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla. Chomh maith leis sin, san áireamh anseo bheadh foghlaim múinteoirí trí cheardlann a éascú nó seachas sin ionchur a bheith agat i gclár OTM, agus trí ionchur a bheith agat i gcruinniú foirne, ag comhroinnt torthaí taighde, nó seachas sin ag tacú le foghlaim comhghleacaithe.

Tá na réimsí foghlama seo leagtha amach i bhFíor 4. Déanfar athbhreithniú orthu le linn saolré de gach Comhairle (uair amháin gach ceithre bliana), i gcomhairle leis an ngairm agus le páirtithe leasmhara eile.

**Fíor 4** - Réimsí foghlama




28 An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011b). An litearthacht agus an uimhearthacht don fhoghlaim agus don tsaol: *An straitéis náisiúnta leis an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga 2011–2020*. Baile Átha Cliath. lch..8.

# 7 Ag pleanáil don fhoghlaim agus machnamh á dhéanamh ar a tionchar

## 7.1. Ag Pleanáil don fhoghlaim

Ar nós gach aistear, bíonn pleanáil de dhíth d'aistir foghlama múinteoirí, bunaithe ar mhachnamh leanúnach ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn aici ar an gcleachtadh. Sa chomhthéacs sin, aithnítear, trí bheith ag comhoibriú le chéile mar chuid de phróisis pleanála scoileanna atá ann cheana féin, go n-aithníonn cuid mhór múinteoirí a gcuid riachtanas forbartha gairmiúla féin agus leagann siad plean amach le haghaidh deiseanna foghlama chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Sa phróiseas seo, cuirtear san áireamh riachtanais an chórais freisin.

## 7.2. Machnamh aonarach á dhéanamh ar an bhfoghlaim agus a tionchar

Ceann amháin de na príomhphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag *Cosán* is ea go n-aithneoidh sé múinteoirí mar ghairmithe neamhspleácha agus freagracha. Ceann eile is ea go n-éascóidh sé é do mhúinteoirí le tús áite a thabhairt don fhoghlaim atá mar thairbhe dóibh féin agus dá ndaltaí, i.e., bíonn fíorthionchar ag an bhfoghlaim.

Léiríodh na prionsabail seo i ráiteas a thug scoil amháin gur chóir don "FGL a bheith infhíoraithe ó thaobh an mhéid agus an chaighdeáin – ach tá fíor-riachtanas ann muinín a bheith i scoileanna chun é seo a thuairisciú ar bhealach atá comhaontaithe agus a bhfuil struchtúr leis …".

Léirítear na prionsabail seo in argóint Wiliam freisin, gur chóir do gach múinteoir, chomh maith le cinneadh a dhéanamh faoina bhfuil le feabhsú, a bheith freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfianaise nach mór dóibh a bhailiú chun a léiriú go bhfuil feabhas tagtha ar a gcleachtadh.[29] Léiríonn Cordingley "working with evidence is central to professional learning" agus cuireann sí bealaí ar fáil do mhúinteoirí le léiriú a dhéanamh ar "their professional growth".[30]

Ag teacht leis sin, tá sé beartaithe go n-aithneodh na múinteoirí óna gcleachtadh féin, samplaí dá gcuid teagaisc a chabhróidh leo an tionchar a bheidh ar an gcleachtadh a dhéanamh amach. Thabharfadh an próiseas seo tacaíocht freisin dá machnamh ar na caighdeáin agus ar a bhfoghlaim de bharr na gcaighdeán sin. D'fhéadfaí gnéithe ábhartha a chomhroinnt (faoi rogha an mhúinteora) chun cur leis na comhráite gairmiúla le daoine eile agus chun tacú leo.

29 Wiliam, D. (2014). "Teacher expertise: Why it matters, and how to get more of it" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 33.

30 Cordingley, P. (2014). "Teacher licensing and collaboration: a model for developing the confidence of the profession as a whole" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality*. Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 46.

Uaireanta déantar tagairt don phróiseas seo mar fhoghlaim atá bunaithe ar phunann (Snadden et al, 2009).[31]Agus béim leagtha ar an bpróiseas, deir Hicks (2005) "the point of the journey is not necessarily to arrive, but to make the most of getting there". Agus é seo curtha san áireamh, creideann an Chomhairle gur próisis ar feadh na gairme atá i gceist leis na timthriallta de phleanáil, de bhailiú fianaise, de mhachnamh agus d'fhoghlaim leanúnach, agus tá sé beartaithe go ndeanfaí tuilleadh iniúchta air seo le linn na céime forbartha (féach cuid 10).  Le linn na céime taighde fheidhmigh, déanfaidh an Chomhairle iniúchadh leis an ngairm cad iad na samhlacha d'fhoghlaim bunaithe ar phunann is éifeachtaí, is inbhuanaithe agus is cabhraí a d'fhéadfadh a bheith ann. Tógfaidh an próiseas seo den fhiosrú straitéiseach ar an bhfoghlaim ó Taisce in *Droichead*, agus déanfar scrúdú ar an bhféidearthacht atá ann le haghaidh réiteach bunaithe ar TFC leis an machnamh agus an fhoghlaim leanúnach a éascú. Ag teacht leis an gcur chuige solúbtha atá mar bhonn agus mar thaca ag gach gné de *Cosán*, aithnítear nach mbeidh aon samhail "déanann an toise céanna gach duine" le machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim, agus spreagfar múinteoirí leis na cur chuigí is fearr a oibríonn dóibh siúd a fhorbairt, ag féachaint do na roghanna aonaracha atá acu siúd, dá stíleanna foghlama, a gcúinsí agus do chomhthéacsanna na scoileanna.

## 7.3. Cómhachnamh á dhéanamh ar an bhfoghlaim agus a tionchar

Chomh maith le creatlach a chur ar fáil don mhachnamh aonair ar an bhfoghlaim agus a tionchar, cuirfidh *Cosán* creatlach ar fáil don chómhachnamh ar ionchur fhoghlaim na múinteoirí in éifeachtúlacht na múinteoirí. Ar an mbonn sin, tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Chomhairle forbairt ar shraith acmhainní chun tacú le comhráite gairmiúla idir múinteoirí, cosúil lena bhfuil déanta i dtaca leis an gCód Iompair Ghairmiúil.

Cibé réiteach bunaithe ar an TFC a thagann chun cinn chun an fhoghlaim bunaithe ar phunann a éascú, ba chóir go mbeadh grúpaí múinteoirí in ann comhoibriú le chéile agus na gnéithe sin dá gcuid teagaisc agus foghlama a chomhroinnt le chéile i suíomhanna ina bhfuil siad compordach. Bheadh cur chuige den tsórt sin ag teacht go mór le prionsabail na Comhairle atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcomhfhreagracht ghairmiúil agus ag an gcomh-mhuinín ghairmiúil, agus de réir Cordingley, d'fhéadfaí, "capture evidence about what makes a difference and reinforce the importance of teachers' collective contributions to each other's and pupils' learnin".[32] Mar a leagadh amach níos luaithe, ba chóir go mbeadh na réitigh a thagann chun cinn a bheith solúbtha go leor le cur in oiriúint le húsáid i gcomhthéacsanna éagsúla.

Dhéanfaí na sonraí faoi conas a d'fheidhmeodh sé seo go praiticiúil a fhorbairt leis an ngairm, bunaithe ar an gcéim forbartha a bhfuil cur síos déanta uirthi i gcuid 10.

31 Cordingley, P. (2014). "Teacher licensing and collaboration: a model for developing the confidence of the profession as a whole" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eds.). *Licensed to Create*: Ten essays on improving teacher quality. London: RSA Action and Research Centre. p. 46.

32 Cordingley, P. (2014). "Teacher licensing and collaboration: a model for developing the confidence of the profession as a whole" In: Hallgarten, J., Bamfield, L. & McCarthy, K. (eagarthóirí). *Arna cheadúnú ag Create: Ten essays on improving teacher quality.* Londain: RSA Action and Research Centre. lch. 46.

# 8 Na caighdeáin leis an bhfoghlaim agus an machnamh a threorú

Tá na caighdeáin ghairmiúla lárnach d'obair uile na Comhairle. In *Cosán* samhlaítear go mbeadh aistir foghlama múinteoirí faoi threoir caighdeán ina gcuirfí ar chumas na múinteoirí, mar mhúinteoirí aonair, nó i dteannta lena chéile leis na nithe seo a dhéanamh:

- machnamh criticiúil a dhéanamh ar a dteagasc agus a bhfoghlaim, agus an ceangal eatarthu
- réimsí le haghaidh tuilleadh foghlama gairmiúla a aithint
- pleanáil a dhéanamh dá gcuid foghlama
- a gcuid taithí agus an méid a bhain siad amach a cheiliúradh, agus
- a dtiomantais leanúnacha mar ghairmithe foghlama a léiriú.

Is iad seo a leanas caighdeáin *Cosán*:

Mar ghairmithe foghlama, léiríonn múinteoirí tiomantas dóibh seo a leanas:

- don teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin dá scoláirí agus dóibh féin, agus
- don fhás leanúnach gairmiúil leis an gcleachtadh gairmiúil a fheabhsú, chun tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a bhealach inbhuanaithe.

Aithníonn an Chomhairle nach mbíonn aistir foghlama ghairmiúla ag gach múinteoir céim ar céim ina mbaintear amach sraith caighdeán amháin agus ansin bogann an múinteoir ar aghaidh chuig an gcéad tsraith eile. Tá *Cosán* bunaithe ar thuiscint níos fearr ar chaighdeáin áit nach bhfeictear iad an méid sin mar spriocanna atá le baint amach agus ansin le fágáil i do dhiaidh, ach níos mó mar fhócas a chur ar fáil le haghaidh próiseas foghlama múinteoirí leanúnacha agus spreagúla. Is é sin le rá, ba chóir go mbeadh na caighdeáin "bunaithe ar an bhfás" seachas "bunaithe ar an tairseach".[33]

**Fíor 5** - Caighdeáin *Cosán*




33 Hargreaves, A. *et al*. (2012). *Leading for All: A research report on the development, design, implementation and impact of Ontario's 'Essential for Some, Good for All' initiative: Executive Summary.* Toronto: Council of Directors of Education. Ich. 24.

# 9 Na próisis um dhearbhú cáilíochta

Trí *Cosán*, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta, mar an comhlacht caighdeán gairmiúla sa mhúinteoireacht in Éirinn, ag iarraidh athdhearbhú a thabhairt don ghairm agus don phobal go bhfuil múinteoirí i mbun na foghlama ar feadh an tsaoil. Ní mór don Chomhairle Mhúinteoireachta athdhearbhú a thabhairt freisin, tríd an gcreatlach náisiúnta, faoi chaighdeán na foghlama sin. Beidh an ról creidiúnaithe a bheidh aici mar ghné lárnach ina leith sin.

Deir Guskey nár thug forbróirí gairmiúla, go stairiúil, mórán airde ar an meastóireacht agus tugtar le tuiscint gurb é a bhíonn i gceist leis an meastóireacht go minic ná an cineál aiseolais i gceistneoirí a dhéanann an méid tairbhe a bhain an rannpháirtí amach as an ngníomhaíocht nó an chaoi inar fhreagair sé/sí don taithí a thomhas, seachas an tionchar nó an toradh.[34] Déanann sé tuilleadh plé air seo a rá nach léiríonn an cineál meastóireachta seo éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí a rinneadh ó thaobh thorthaí na rannpháirtithe nó na scoláirí nó cibé ar baineadh aon rud amach ó thaobh eolais nó ó thaobh athruithe sa chleachtadh mar thoradh ar an idirghabháil.

Nuair a chuirtear tús le hAlt 39 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta beidh an chumhacht reachtúil ag an gComhairle athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar "cláir a bhaineann le hoideachas agus oiliúint leantach na múinteoirí".[35]

Sula gcuirtear tús leis an alt seo, táthar ag súil go bhforbróidh an Chomhairle critéir agus nósanna imeachta, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile. Is é is dóichí go mbeidh na réimsí cosúil leis na cinn seo a leanas san áireamh in aon chineál critéar den tsórt sin:

**Creatlach choincheapúil**

- baineann sé seo leis an méid ina bhfuil sé mar bhonn agus mar thaca ag creatlach choincheapúil atá leagtha amach go soiléir, le bonn eolais curtha faoi ag an taighde agus bunaithe ar an dea-chleachtas.

**Dearadh agus meastóireacht**

- ról an rannpháirtí sa dearadh agus sa mheastóireacht
- an méid inar féidir leis an dearadh an dea-chleachtas a shamhaltú
- fad ama/leanúnachas, ina gcuirtear san áireamh an tacaíocht, tástáil agus daingniú ina dhiaidh sin, agus foghlaim fhorásach agus mharthanach thar tréimhse ama, agus
- an méid ina mbaineann sé leas agus úsáid as na struchtúir agus acmhainní atá ann faoi láthair, agus ar an gcaoi sin bíonn bearta éifeachtúlachta agus an chomhfhoghlaim i measc soláthraithe agus gníomhaireachtaí éagsúla dá bharr.

34 Guskey, T.R. (2002). Does it make a difference? Evaluating Professional Development? Educational Leadership, 59 (6), lch.45.

35 An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001). Alt 39 2(c). lch. 26.

**Modheolaíochtaí**

- an méid ina gcuireann sé deiseanna ar fáil le haghaidh na nithe seo a leanas:
  - smaointeoireacht chriticiúil agus bainteach leis an bhfianaise
  - machnamh aonarach agus cómhachnamh ar an gcleachtadh agus ar an bhfoghlaim
  - rannpháirtíocht ghníomhach/idirghníomhach
  - comhoibriú fiúntach
  - úsáid nuálach an TFC, etc., agus
- an méid ina gcuirtear na nithe seo a leanas chun cinn:
  - taighde agus fiosrú feidhmeach
  - an chruthaitheacht agus an nuálaíocht
  - modheolaíochtaí agus cur chuigí teagaisc uileghabhálacha, agus
  - dul chun cinn na bpobal foghlama gairmiúla.

**Ábhar**

- tábhacht an ábhair, agus an tionchar ar fhoghlaim, féinmhuinín agus cleachtadh na múinteoirí.

**Áisitheoirí**

- scileanna agus eolas na n-áisitheoirí.

Tá sé beartaithe freisin go ndéanfaidh an Chomhairle straitéis a fhorbairt lena ról creidiúnaithe a chur i bhfeidhm. Faoi réir comhairle dlí, is é a bheadh i gceist leis seo ná creidiúnú soláthraithe faofa, agus/nó tríú páirtithe faofa a dhéanfaidh athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir thar ceann na Comhairle. Is is dóichí ná go mbeidh cur chuigí nuálacha i dtreo an chreidiúnaithe i gceist leis an straitéis, go háirithe má tá sé le bheith i bhfeidhm i gcás na bpróiseas foghlama níos neamhfhoirmiúla. D'fhéadfadh deiseanna a bheith i gceist leis seo do mhúinteoirí le haiseolas a chomhroinnt lena chéile, trí fhóram faoi stiúir ar líne b'fhéidir, maidir lena gcuid taithí i dtaobh próiseas foghlama ar leith, agus an tionchar a bhí acu seo ar a gcuid foghlama.

# 10 Na chéad chéimeanna eile i bhforbairt *Cosán*

Tá a fhios ag an gComhairle agus creatlach d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí á tabhairt isteach, cé go bhfuil sí bunaithe go mór ar an bhfoghlaim a dhéanann múinteoirí cheana féin agus go dtugann sí aitheantas di, díreach toisc go mbeidh sí ann, beidh athrú cultúrtha áirithe ann do mhúinteoirí cláraithe agus don chóras oideachais. Ar an gcúis sin, creideann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach, agus an chreatlach glactha ag an gComhairle, go gcuirfear am ar fáil ionas gur féidir am agus spás a thabhairt di le cur chuigí éagsúla thástáil agus a fhorbairt, agus le bheith curtha in oiriúint do chomhthéacsanna aonair agus comhthéacsanna scoileanna. Ar an gcúis sin, is é a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile ná an chéim forbartha ina mbeidh múinteoirí, grúpaí múinteoirí, nó scoileanna rannpháirteach ar bhonn deonach, ionas go bhfeicfidh siad cad a bheadh i gceist le *Cosán* dóibh ó thaobh na praitciúlachta de. Tríd an rannpháirtíocht, beidh a leithéid múinteoirí in ann cur chuige taighde fheidhmigh a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta a fhorbairt agus, dá réir sin, cur le smaointeoireacht na Comhairle, ar phríomhghnéithe den chreatlach. Is é atá i gceist leis an taighde feidhmeach go hiondúil ná próiseas rialta chun machnamh, pleanáil, gníomhú agus athmhachnamh a dhéanamh. Cuireann sé an deis ar fáil do thaighdeoirí agus cleachtóirí machnamh a dhéanamh ar chásanna, ceisteanna agus réimsí chun forbartha, le pleanáil a dhéanamh agus gníomhú thart orthu seo, agus le tuilleadh machnaimh a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile.

Bunaithe ar an aiseolas ón gcomhairliúchán ar dhréachtchreatlach *Cosán*, agus ag teacht leis an gcineál cur chuige taighde fheidhmigh atá ann, tá sé i gceist go mbeidh na cúig aidhm don phróiseas forbartha mar seo a leanas:

## Na caighdeáin

- chun iniúchadh a dhéanamh ar an leas a bhaintear as na caighdeáin agus foghlaim múinteoirí, a machnamh ar an bhfoghlaim agus an caidreamh idir a gcuid foghlama agus a gcleachtadh, a threorú. Is é a bheadh i gceist leis an bpróiseas forbartha go sonrach ná: (a) féachaint agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil na caighdeáin oiriúnach agus éifeachtach leis an bhfoghlaim agus machnamh a threorú, agus na múinteoirí a éascú agus an tiomantas leanúnach atá acu don fhoghlaim a léiriú; agus (b) féachaint ar conas a d'fhéadfaí na caighdeáin a chur i bhfeidhm, nó a chur in oiriúint, do chohóirt éagsúla múinteoirí.

## Na meicníochtaí le taifeadadh agus machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim múinteoirí

- na meicníochtaí oiriúnacha agus inbhuanaithe a aithint le tacú le machnamh múinteoirí ar a gcuid foghlama agus leis na comhráite gairmiúla faoin bhfoghlaim sin. Agus é seo ar bun, beifear ag díriú go háirithe ar na bealaí ina bhféadfadh múinteoirí machnach a dhéanamh ar an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus an réamhfhoghlaim, agus ar an bhféidearthacht go mbeadh réiteach bunaithe ar an TFC chun tacú leis an bhfíormhachnamh agus leis an rannpháirtíocht fhiúntach.

## Creidiúnú clár

- chun iniúchadh a dhéanamh ar na meicníochtaí ina bhféadfaí na cláir foghlama a chreidiúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh, agus chun na critéir a aithint a bhaineann leis an gcaighdeán i gcreidiúnú foghlama múinteoirí.

## Nasc chuig an gclárú

- chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí nasc oiriúnach agus inbhuanaithe chuig an gclárú a fhorbairt, a léireodh luachanna na creatlaí agus nach mbeadh tuilleadh páipéarachais ann dá bharr.

## Inscálaitheacht

- chun gach gné de chreatlach *Cosán* a thástáil, na nósanna imeachta creidiúnaithe, agus struchtúir, tacaí agus réitigh don mhachnamh aonair agus don chómhachnamh san áireamh, agus béim ar leith ar na saincheisteanna inscálaitheachta, lena n-áirítear na deiseanna agus dúshláin atá ann ag bogadh ón bhforbairt go dtí an cur i bhfeidhm.

Trí chomhoibriú le chéile ag iarraidh freagraí a fháil ar na ceisteanna seo, cuirfidh múinteoirí leis na bealaí ina bhforbróidh an chreatlach agus ina mbeidh siad curtha in oiriúint leis na riachtanais éagsúla agus comhthéacsanna na múinteoirí, na scoileanna agus an chórais oideachais i gcoitinne a chomhlíonadh.

Tá an dearcadh seo go mór ag teacht le ceann amháin de phríomhluachanna na Comhairle, den rialáil faoi stiúir ghairmiúil, agus ar an gcúis sin, creideann an Chomhairle gurb é an bealach is fearr le cur le teacht chun cinn creatlaí náisiúnta um fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí agus le tacú léi ná rannpháirtíocht na múinteoirí sa chéim forbartha.

Tá sé i gceist go dtosóidh an chéim forbartha i mí Aibreáin 2016, agus go gcuirfear í i gcrích in 2019 roimh an gcur i bhfeidhm náisiúnta in 2020. Le linn 2019, beidh an fócas ag bogadh ón tástáil agus ón bhfiosrú, go dtí an phleanáil a dhéanamh lena cur i bhfeidhm, nuair a bhreathnófar ar na torthaí ón bpróiseas taighde fheidhmigh, agus béim ar leith ar acmhainní a chur ar fáil agus córais eile a chur san áireamh.

# 11 Go hachomair

Bunaithe ar an méid a dúradh roimhe seo, tugann Fíor 6 léiriú grafach de na príomhghnéithe de *Cosán*. Is díol suntais é go bhfuil foghlaim scoláírí mar chroílár na léaráide.

Léiríonn na hubhchruthanna seachtracha na príomhluachanna, na príomhphrionsabail agus na príomhchaighdeáin a threoraíonn foghlaim agus machnamh múinteoirí. Is creatlach sholúbtha é *Cosán*, a dheimníonn luach foghlama múinteoirí agus a thugann aitheantas do raon iomlán na ngníomhaíochtaí foghlama a dhéanann na múinteoirí ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe lena scoláirí. Chun é sin a léiriú, tá raon leathan de phróisis foghlama agus réimsí tosaíochta foghlama sna hubhchruthanna seachtracha atá aitheanta ag an gComhairle. I lár na léaráide tá ceithre ghné d'fhoghlaim múinteoirí, mar atá léirithe i bhFíor 1, ar féidir a chomhcheangal agus a bheith i gcomhréim lena chéile chun réimse leathan de dheiseanna foghlama éagsúla a chruthú.

Tá sé beartaithe go mbeidh raon próiseas dearbhú cáilíochta mar bhonn agus mar thaca acu seo uile thuas agus, tríothu, bheifí in ann dearbhú a thabhairt don ghairm agus don phobal faoi chaighdeán foghlama múinteoirí.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council